EBA/GL/2024/04

9 Aibreán 2024

# Treoirlínte

## maidir le sonraí stairiúla a chur isteach an athuair faoi chreat tuairiscithe ÚBE

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Leagtar amach i dtreoirlínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 17.09.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur chuig compliance@eba.europa.eu leis an tagairt 'EBA/GL/2024/04'. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/2021-06-26).

# 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte na ceanglais maidir leis na hinstitiúidí airgeadais sonraí stairiúla a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil nó réitigh an athuair, i gcás ina bhfuil earráidí, míchruinneas nó athruithe eile sna sonraí a tuairiscíodh roimhe sin i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe maoirseachta agus réitigh forbartha ag ÚBE.

## Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte maidir leis an gcreat tuairiscithe maoirseachta agus réitigh forbartha ag ÚBE (caighdeáin theicniúla, treoirlínte), i gcás ina gcuireann na hinstitiúidí airgeadais sonraí faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh ar bhonn rialta. Tá feidhm ag na treoirlínte freisin i gcás ina gcuireann institiúidí airgeadais na sonraí a cheanglaítear le creat tuairiscithe ÚBE ar fáil ar bhonn deonach.

7. Tá feidhm ag na treoirlínte ar an leibhéal aonair, ar an leibhéal fo-chomhdhlúite agus ar an leibhéal comhdhlúite de réir leibhéal chur i bhfeidhm na hoibleagáide tuairiscithe iarbhír lena mbaineann.

8. Níl feidhm ag na treoirlínte i gcás ina leagtar amach ceanglais shonracha i gcreat tuairiscithe ÚBE maidir le sonraí a chur isteach an athuair.

9. Níl feidhm ag na treoirlínte maidir le sonraí a sholáthraíonn na húdaráis inniúla nó na húdaráis réitigh as a stuaim féin agus a chuirtear faoi bhráid ÚBE ina dhiaidh sin.

## Seolaithe

10. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4 pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) den Rialachán sin.

## Sainmhínithe

11. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear sna bunghníomhartha lena mbunaítear na ceanglais tuairiscithe. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Creat tuairiscithe ÚBE | a chiallaíonn an creat tuairiscithe rialála maoirseachta agus réitigh forbartha ag ÚBE (caighdeáin theicniúla, treoirlínte), i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais. |
| Sonraí reatha | a chiallaíonn na sonraí leis na dátaí tagartha is déanaí atá curtha faoi bhráid na n-údarás inniúil nó na n-údarás réitigh ag institiúidí airgeadais. |
| Sonraí stairiúla | a chiallaíonn na sonraí uile curtha faoi bhráid na n-údarás inniúil nó réitigh ag institiúidí airgeadais le haghaidh na ndátaí tagartha roimh dháta tagartha na sonraí reatha. |

# 3. Cur chun feidhme

## An dáta iarratais

12. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ón 17.10.2024.

# 4. Ceanglais ar institiúidí airgeadais maidir le sonraí stairiúla a chur isteach an athuair

13. I gcás ina dtagann institiúidí airgeadais ar aon mhíchruinneas nó ar aon earráidí sna sonraí stairiúla tuairiscithe, ba cheart dóibh ceartúcháin a dhéanamh ar shonraí a tuairiscíodh cheana, ar cheart iad a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil nó réitigh gan moill mhíchuí.

14. Ba cheart a áireamh mar chuid de na ceartúcháin atá le cur faoi bhráid na n-údarás an athuair na heilimintí i gcás inar aimsíodh na hearráidí agus na sonraí gaolmhara uile a ndearna na ceartúcháin difear dóibh sna tuarascálacha céanna nó i dtuarascálacha gaolmhara. Ba cheart na sonraí ceartaithe a bheith i gcomhréir leis na rialacha bailíochtaithe uile, agus thar mhodúil tuairiscithe agus ordlathais bhailíochtaithe freisin.

15. I gcás nach ndéanann earráidí, míchruinneas agus na ceartúcháin ghaolmhara difear ach do na sonraí reatha amháin, ba cheart d’institiúidí airgeadais na sonraí reatha ceartaithe a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil nó réitigh an athuair.

16. I gcás ina mbeidh tionchar ag earráidí, ag míchruinneas agus ag na ceartúcháin ghaolmhara sna sonraí reatha ar na sonraí stairiúla freisin, ba cheart d’institiúidí airgeadais, chomh maith leis na sonraí reatha ceartaithe a chur isteach an athuair, na sonraí stairiúla a ndearnadh difear dóibh a chur isteach an athuair le haghaidh na ndátaí tagartha mar a fhoráiltear thíos, ag brath ar mhinicíocht an tuairiscithe lena mbaineann:

    a. i gcás na sonraí a thuairiscítear le minicíocht bhliantúil, ba cheart d’institiúidí airgeadais sonraí stairiúla le haghaidh na ndátaí tagartha roimhe sin a chur siar bliain féilire amháin ar a laghad (dáta tagartha amháin sa bhreis ar dháta tagartha na sonraí reatha);

    b. maidir leis na sonraí a thuairiscítear le minicíocht leathbhliantúil, ba cheart d’institiúidí airgeadais sonraí stairiúla le haghaidh na ndátaí tagartha roimhe sin a chur isteach an athuair bliain féilire amháin ar a laghad (dhá dháta tagartha sa bhreis ar dháta tagartha na sonraí reatha);

    c. maidir leis na sonraí a thuairiscítear le minicíocht ráithiúil, ba cheart d’institiúidí airgeadais sonraí stairiúla le haghaidh na ndátaí tagartha roimhe sin a chur isteach an athuair bliain féilire amháin ar a laghad (ceithre dháta tagartha sa bhreis ar dháta tagartha na sonraí reatha);

    d. maidir leis na sonraí a thuairiscítear le minicíocht mhíosúil, ba cheart d’institiúidí airgeadais sonraí stairiúla le haghaidh na ndátaí tagartha roimhe sin a chur isteach an athuair sé mhí féilire ar a laghad (sé dháta tagartha ar a laghad sa bhreis ar dháta tagartha na sonraí reatha atá le cur isteach an athuair) agus, i gcás nach gcumhdaítear na sonraí ag deireadh na bliana féilire roimhe sin leis na sé mhí féilire sin, ba cheart dóibh na dátaí tagartha uile go dtí dheireadh na bliana féilire roimhe sin a chur isteach an athuair.

17. I gcás ina ndéanann earráidí, míchruinneas agus ceartúcháin ghaolmhara sna sonraí a thuairiscítear le minicíocht mhíosúil difear freisin do na sonraí céanna nó do na sonraí gaolmhara faoina dtuairiscítear minicíocht éagsúil, ba cheart do na hinstitiúidí airgeadais na sonraí gaolmhara le haghaidh na ndátaí tagartha a thagann laistigh den tréimhse a chumhdaítear le hath-thíolacadh na sonraí míosúla ceartaithe a cheartú agus a chur isteach an athuair.

18. I gcás ina gcuireann údaráis inniúla minicíochtaí tuairiscithe níos airde i bhfeidhm mar bheart maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 104(1) litir (j) de Threoir 2013/36/AE nó le hAirteagal 39(2) litir (j) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart d’institiúidí airgeadais sonraí stairiúla a chur isteach an athuair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 16 de na treoirlínte ag glacadh leis gurb iad na minicíochtaí tuairiscithe minicíocht rialta an cheanglais tuairiscithe de réir chreat tuairiscithe ÚBE.

19. I gcás nach ndéanann earráidí, míchruinneas agus ceartúcháin ghaolmhara difear ach do na sonraí stairiúla suas le bliain féilire amháin roimh na sonraí reatha, de mhaolú ar mhír 16, ba cheart d'institiúidí airgeadais sonraí stairiúla ceartaithe a chur isteach athuair le haghaidh an dáta tagartha ar tharla an earráid agus le haghaidh na ndátaí tagartha uile suas go dtí na sonraí reatha nó go dtí an dáta tagartha nuair a mheastar na sonraí a bheith ceart.

20. Ní mhaolaítear an oibleagáid atá ar institiúidí airgeadais na sonraí reatha agus stairiúla maidir le dáta tagartha sonrach a cheartú trí imeacht ama agus ba cheart d'institiúidí airgeadais gníomhú i gcomhréir leis na treoirlínte sin gan moill mhíchuí. I gcás ina leanann institiúidí airgeadais de shonraí a chur isteach an athuair le haghaidh dátaí tagartha níos déanaí, ba cheart dóibh na sonraí stairiúla ag an am sin a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a shainaithneofaí oibleagáid maidir le cur isteach an athuair i gcomhréir leis na treoirlínte seo.

21. I gcás ina n-éilíonn na húdaráis inniúla nó na húdaráis réitigh é, ba cheart d'institiúidí airgeadais na sonraí stairiúla a chuirtear isteach an athuair a fhorlíonadh le mínithe iomchuí ar na ceartúcháin agus ar na cúiseanna gaolmhara.

22. Ag brath ar mheasúnú na n-institiúidí airgeadais féin ar ábharthacht na gceartúchán, agus i gcás nach n-éilíonn na húdaráis inniúla ná réitigh go sainráite iad, féadfaidh institiúidí airgeadais na sonraí stairiúla a chuirtear isteach an athuair a fhorlíonadh le mínithe iomchuí ar na ceartúcháin agus ar na cúiseanna atá leis na sonraí stairiúla a chur isteach an athuair le haghaidh níos mó dátaí tagartha i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar amach i mír 16.

23. Ba cheart d'institiúidí airgeadais na cumais theicniúla a choimeád chun na sonraí ábhartha a chur isteach den chéad uair agus a chur isteach an athuair agus úsáid á baint as an bhformáid theicniúil a n-éilíonn na húdaráis inniúla nó réitigh í.

24. Féadfaidh institiúidí airgeadais staonadh ó shonraí stairiúla dá bhforáiltear i mír 16 de na treoirlínte a chur isteach an athuair sna cásanna seo a leanas:

    a. i gcás ina bhforáiltear go soiléir sna freagraí ar na Ceisteanna agus Freagraí maidir le Leabhar Rialacha Aonair ÚBE [2] (lena gcumhdaítear ceisteanna teicniúla maidir le tuairisciú agus beartas araon) gur measadh na forálacha reachtacha nó na ceanglais tuairiscithe a bheith míchruinn agus go mbeidh gá le hathruithe ar shonraí tuairiscithe mar gheall ar na soiléirithe ar cheanglais rialála den sórt sin a chuirtear ar fáil sna Freagraí. I gcásanna den sórt sin, níor cheart d'institiúidí airgeadais athruithe ábhartha a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le sonraí a bheidh ann amach anseo le haghaidh na ndátaí tagartha tar éis fhoilsiú an fhreagra mar chuid de na Ceisteanna agus Freagraí.

       Tá feidhm ag an díolúine sin gan dochar do mhír 28 de na treoirlínte. Tugtar faoi deara freisin gur cheart do na hinstitiúidí airgeadais an cur chuige ginearálta a choimeád maidir le hath-thíolacadh sonraí stairiúla mar a leagtar amach sna treoirlínte le

[2] https://www.eba.europa.eu/single-rule-book-qa

haghaidh gach freagra eile ar na Ceisteanna agus Freagraí, i gcás ina bhfuiltear ag súil le ceartúcháin ar na sonraí sa Fhreagra;

b. i gcás ina dtagann na ceartúcháin faoi na teorainneacha nó faoi na tairseacha lamháltais a shainítear trí na rialacha comhdaithe comhaontaithe mar chuid den phróiseas bailíochtaithe sonraí agus dearbhaithe cáilíochta[3], agus, dá bhrí sin, go measann na húdaráis inniúla, na húdaráis réitigh nó ÚBE go bhfuil na sonraí a chuirtear isteach ag institiúidí airgeadais cruinn go leor.

# 5. Measúnú na n-údarás ar shonraí stairiúla

25. Bunaithe ar thorthaí na measúnuithe ar cháilíocht, ar chruinneas, ar chomhsheasmhacht agus ar iomláine na sonraí tuairiscithe ag na hinstitiúidí airgeadais, lena n-áirítear trí bhíthin bailíochtú sonraí agus measúnuithe dearbhaithe cáilíochta sonraí, féadfaidh údaráis inniúla, údaráis réitigh nó ÚBE a cheangal ar institiúidí airgeadais athruithe agus ceartúcháin a dhéanamh ar na sonraí reatha, agus, má mheastar gur gá é, ar na sonraí stairiúla freisin.

26. I gcás inar sainaithníodh earráidí, míchruinneas agus ceartúcháin ghaolmhara sna sonraí a cuireadh isteach, ba cheart do na húdaráis inniúla, do na húdaráis réitigh nó do ÚBE a cheangal go gcuirfear na sonraí stairiúla ceartaithe isteach an athuair i gcomhréir le ceanglais na dtreoirlínte sin, mura ndearna na hinstitiúidí airgeadais iad a thíolacadh an athuair as a stuaim féin, mar a fhoráiltear i Mír 4 de na treoirlínte.

27. Ag brath ar a measúnú agus ar an ngá atá lena ndualgais a chomhlíonadh, féadfaidh údaráis inniúla, údaráis réitigh nó ÚBE a cheangal ar institiúidí airgeadais mínithe iomchuí a thabhairt ar na ceartúcháin agus ar na cúiseanna atá leo, nuair a bheidh ceangal á chur ar na hinstitiúidí sonraí stairiúla a chur isteach an athuair.

28. Féadfaidh údaráis inniúla, údaráis réitigh nó ÚBE a éileamh freisin go gcuirfear isteach an athuair sonraí stairiúla le haghaidh dátaí tagartha breise i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar amach sna treoirlínte, i gcás inar gá chun a gcúraimí reachtúla nó maoirseachta a dhéanamh. I gcás ina n-iarrtar dátaí tagartha breise a chur isteach an athuair i gcomparáid le ceanglais na dtreoirlínte sin, ba cheart do na húdaráis inniúla agus réitigh a áirithiú go bhfuil na hiarrataí sin comhréireach i ndáil le hábharthacht na n-earráidí sna sonraí a tuairiscíodh roimhe sin agus i ndáil le próifíl riosca nó ceanglais stuamachta na hinstitiúide.

[3] Féach an leathanach gréasáin Creataí Tuairiscithe ÚBE: https://www.eba.europa.eu/risk-analysis-and-data/reporting-frameworks